

Dochar don timpeallacht


Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin damáiste a dhéanann ciarsúir thaise don timpeallacht. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. scaipeadh	a. <i>environmental group</i>
2. díobháil	b. <i>cleaning wipes</i>
3. grúpa comhshaoil	c. <i>cotton</i>
4. sláinteachas pearsanta	d. <i>emergency legislation</i>
5. díghalrán	e. <i>liquid waste disposal company</i>
6. ciarsúir ghlantacháin	f. <i>damage</i>
7. comhlacht diúscartha múnlaigh	g. <i>spread, spreading</i>
8. cadás	h. <i>overflowing</i>
9. dabhach shéarachais	i. <i>disinfectant</i>
10. reachtaíocht éigeandála	j. <i>septic tank</i>
11. ag cur thar maoil	k. <i>personal hygiene</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.



Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas, chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a bhfuil an rialtas ag iarraidh ar dhaoine aird a thabhairt ar a sláinteachas pearsanta?
2. Cad a bhí le rá ag Séamus Ó Scanláin?
3. Cad atá an grúpa *Coastwatch* ag iarraidh ar an rialtas a dhéanamh? Cén fáth?
4. Cén fáth a mbíonn daoine ar thránna i mbaol?

Ceist 4 '...an-láidir...'

Cad iad na rialacha a bhaineann le **an-**? Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.

Ceist 5 Cén chuma atá air?

A. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na habairtí thíos. Freagraí na ceisteanna atá bunaithe orthu.

Tá gruaig **fhada fhionn ar Bhríd**.

Tá súile móra **donna ag Pádraig**.

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'fada' agus 'fionn'?
 2. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'Bríd'?
 3. Cén fáth a bhfuil na haidiachtaí 'mór' agus 'donn' san iolra?
 4. Cén fáth a mbíonn gruaig **AR** dhuine agus a mbíonn súile **AG** duine?
- B. Féachaigí ar an mír arís. Tar éis féachaint amháin, déanfaidh duine amháin agaibh cur síos ar Shiún Ní Gearailt agus déanfaidh an duine eile cur síos ar Aodhán Ó Maoileoin. Ná déanaigí dearmad de na rialacha thuas.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Conas a cheiliúir tú Lá Fhéile Pádraig i mbliana?
2. Conas atá do shaol difriúil anois de bharr phaindéim an choróinvíris?
3. Cén fáth a mbíonn daoine ar fud an domhain ag ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig, dar leat? An raibh an fhéile á ceiliúradh i mbliana ar fud an domhain?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
g	f	a	k	i	b	e	c	j	d	h

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script

Ceist 4

- ✓ Séimhítear aidiacht dar tús consan (seachas **d**, **s** agus **t**) tar éis **an-**: an-mhór.
- ✓ Ní shéimhítear aidiacht dar tús **d**, **s** agus **t** tar éis **an-**: an-deas.
- ✓ Ní thagann aon athrú ar an aidiacht dar tús guta tar éis **an-**: an-ard.

Ceist 5

A.

1. Tá an t-ainmfhocal 'gruaig' baininscneach agus mar sin séimhítear an aidiacht/na haidiachtaí a leanann é.
2. Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí 'ar' nuair atá ionad áirithe i gceist.
3. Tá an t-ainmfhocal 'súil' san iolra agus mar sin cuirtear na haidiachtaí a leanann é san iolra freisin.
4. Sa Ghaeilge, baintear úsáid as '**ar**' más taobh amuigh den chorp atá na baill bheatha. Más taobh istigh den chorp atá siad, baintear úsáid as '**ag**'.

B.

Tá gruaig fhada fhionn ar Shiún Nic Gearailt agus tá súile gorma aici.

Tá gruaig ghearr dhonn ar Aodhán Ó Maoileoin agus tá súile gorma aige.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Fáilte romhaibh ar ais. Anois, cé go bhfuil an pobal ag déanamh iarrachtaí chun dul i ngleic le scaipeadh an choróinvíris, tá díobháil á déanamh don timpeallacht mar go bhfuiltear ag caitheamh ciarsúir thaise síos leithris seachas i mboscaí bruscair. Deir an grúpa comhshaoil, *Coastwatch*, gur cheart treoir a bheith ar bhoscaí ciarsúr tais maidir le conas fáil réidh leo mar is ceart.

Aodhán Ó Maoileoin

Tá an rialtas ag impí ar mhuintir na tíre sláinteachas pearsanta a chur i bhfeidhm agus lámha a ní go rialta le dul i ngleic leis an gcoróinvíreas. Tá roinnt daoine ag baint úsáid as díghalrán láimhe nó gallúnach, agus daoine eile ag úsáid ciarsúir ghlantacháin.

Ach is cosúil go bhfuil na ciarsúir ghlantacháin ag cruthú go leor deacrachtaí don timpeallacht mar nach bhfuil daoine ag fáil réidh leo ar an mbealach ceart. Tá comhlacht diúscartha múnlaigh ag Séamus Ó Scanláin i gConamara. Agus is fadhb í seo a dtagann sé trasna uirthi go minic.

Séamus Ó Scanláin, SOS Liquid Waste

Cadás atá ansin, tá sé an-láidir i gcomparáid le páipéar leithris, fadhb an-mhór é. Níl sé in ann briseadh síos, an cadás atá iontu, ní bhriseann sé síos le huisce agus dá bharr sin tá sé ag dul ceann, ag dul ceann os cionn ceann agus os cionn ceann... agus istigh sa dabhach shéarachais. Agus, ag iarraidh é sin ansin a bhaint amach as an dabhach shéarachais, tá sé sách deacair.

Aodhán Ó Maoileoin

Tá an grúpa comhshaoil, *Coastwatch*, ag iarraidh go dtabharfadh an rialtas isteach reachtaíocht éigeandála faoina gcaithfidh comhlachtaí lipéadú ceart a chur ar phacáistiú.

An Comhairleoir, David Healy, An Comhaontas Glas

Níl an anailís cheart déanta ag na comhlachtaí agus níl aon bhunús dlíthiúil leis na ráitis sin atá á gcur acu ar na pacáistí. Níl sé sin ceart. Ní ceart aon chiarsúr a chaitheamh sa leithreas; ba cheart iad a chur sa mbruscar.

Deir *Coastwatch* go bhfuil suas le hocht as gach deich dabhach shéarachais ag dul thar maoil mar gheall ar chiarsúir ghlantacháin agus go bhfuil beatha daoine á gcur i mbaol mar gheall go bhfuil ábhar amh ag dul amach ar thránna, áit a mbíonn daoine ag snámh.

Aodán Ó Maoileoin, Nuacht TG4.